



An Bhruiséil, 13 Aibreán 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0207(COD)

7584/21
ADD 1

CODEC 488
JAI 361
INF 77
CADREFIN 162
FREMP 82
JUSTCIV 57
DROIPEN 69
COPEN 170

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle (an chéad léamh) Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle = Ráitis

Ráiteas ón mBulgáir

Tacaíonn Poblacht na Bulgáire le haidhm an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna chun cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí shibhialta, chun sochaithe oscailte, daonlathacha agus cuimsitheacha a chothú.

Aithnímid gur cheart don Chlár tacaíocht a thabhairt chun gach cineáil foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus gur tosaíochtaí de chuid an Aontais iad cosc foréigin a chur chun cinn, tacaíocht d'íospartaigh agus cosaint íospartach a chabhraíonn le cearta bunúsacha daoine aonair a chomhlíonadh.

Ag an am céanna, tugaimid dár n-aire nár aontaigh an tAontas Eorpach do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) agus nach cuid de dhlí an Aontais an Coinbhinsiún seo. Dá bhrí sin, ní féidir aon tagairt do Choinbhinsiún Iostanbúl sa Rialachán a fhorléiriú mar ghealltanais ón Aontas agus ó na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

Ráiteas ón Ungáir

Tá inní curtha in iúl ag an Ungáir, roinnt mhaith uaireanta le linn na caibidlíochta, a mhéid a bhaineann leis na dréachtrialacháin lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna agus an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027 agus ní féidir léi tacú leis na téacsanna críochnaitheacha uathu ach oiread.

Maidir leis an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna don tréimhse 2021-2027 agus an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027, tá an Ungáir den tuairim nár mhór athbhreithniú substaintiúil a dhéanamh ar na dréachtrialacháin ar na cúiseanna seo a leanas: easnaimh a mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí (go háirithe maidir leis an tsraith 'luachanna an Aontais' chomh maith leis an tsraith 'Rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach' de chuid an chláir 'Cearta agus Luachanna'), an raon feidhme doiléir nach mbeadh teoranta do réimse chur i bhfeidhm dhlí an Aontais (lena n-áirítear tagairtí do chonarthaí idirnáisiúnta nach bhfuil daingnithe ag an Aontas), an bhéim ar thacaíocht do chineál sonracha amháin eintitis incháilithe (eagraíochtaí na sochaí sibhialta) seachas díriú ar na tionscadail shuntasacha, chomh maith leis an tagairt do choincheapa nach bhfuil i gcomhréir le foclaíocht na gconarthaí. Tá an Ungáir meáite ar chearta bunúsacha agus luachanna Eorpacha a chosaint, lena n-áirítear an tsochaí sibhialta agus cóir chomhionann a chur chun cinn.

Áitíonn an Ungáir go ndéanfar na buncheanglais a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil, prionsabal na tabhartha agus comhlíontacht leis na Conarthaí i gcoitinne a urramú ionas nach mbeifí den tuairim go bhféadfadh tionchar a bheith ag tuairimí polaitiúla agus idé-eolaíochta agus tosaíochtaí do chistiú ón Aontas á sainiú.